

EOLAS DO DHAOINE ÓGA

Cuireadh chuig Comhdháil

Is ár mBreathimeacht é freisin: Cearta Leanaí, Guthanna Leanaí

Canal Court Hotel, An tIúr

Dé hAoine 10 Samhain 2017, 11.00 r.n. – 4.00 i.n.

Tá Oifig an Ombudsman do Leanaí (OCO) i mBaile Átha Cliath agus Coimisinéir Thuaisceart Éireann um Leanaí agus Daoine Óga (Northern Ireland Commissioner for Children and Young People) (NICC) i mBéal Feirste ag réachtáil comhdháil uile-oileáin maidir le Breathimeacht agus cearta leanaí. Eagraíodh an chomhdháil seo le grúpa daoine óga ó thuaisceart agus deisceart Éireann.

Freastalóidh thart ar 100 leanbh agus duine óg ar an gcomhdháil chomh maith leis an lucht déanta polasaithe, polaiteoirí agus daoine eile a bhfuil tionchar acu. Beidh deis ag leanaí agus daoine óga a n-ábhair imní a phlé agus aird a tharraingt orthu faoin tionchar a d'fhéadfadh an Breathimeacht a bheith aige ar a gcearta.

Ós rud é go mbeidh an t-imeacht seo ar siúl ar i rith an lae scoile, ba mhaith linn cuireadh a thabhairt duit páirt a ghlacadh san imeacht seo trí do scoil in éineacht le ball den Ghrúpa Stiúrtha a eagraíonn an chomhdháil agus a fhreastalaíonn ar do scoil.

Ní mór do do scoile, tuismitheoirí nó caomhnóirí do shocruithe taistil go dtí an chomhdháil a eagrú. Íocfaidh an OCO as an gcostas iompair poiblí (bus nó traein) má úsáideann tú iompar poiblí agus má thugann tú do thicéad nó admháil leat ar an lá. Mura bhfuil tú ábalta úsáid a bhaint as iompar poiblí agus más gá do dhuine éigin thú a thabhairt sa charr, íocfaimid an costas iompair poiblí duit agus do dhuine fásta amháin chun teacht in éineacht leat.

Tá cóip den chlár don chomhdháil ceangailte.

Má tá tú ag iarraidh freastal ar an gcomhdháil seo, líon isteach an fhoirm chomhaontaithe atá ceangailte agus cuir ar ais í chuig an scoil le foirm toilithe tuismitheora/caomhnóra atá líonta isteach chomh maith. Is féidir leat clárú don chomhdháil ansin ar Eventbrite ag <https://itsourbrenxittoo.eventbrite.ie>.

Mura gcuireann tú na foirmeacha toilithe agus comhaontaithe ar ais agus mura gcláraíonn tú ar an suíomh gréasáin, ní féidir linn áit ag an gcomhdháil a ghealladh duit mar tá na spásanna teoranta.

Dúnfaidh clárú ar Eventbrite ar an 27 Deireadh Fómhair 2017 agus cuirfear aon áit nach bhfuil líonta ar fáil do leanaí agus daoine óga ar liosta feithimh.

Má tá aon cheist agat, cuir teagmhálaí ar an Oifig 01-8656800 nó seol ríomhphost chuig [sonraí teagmhála na foirne].

Go raibh maith agat.